Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0019

Glantaigh agus dromchlaghníomhaithe

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Eanáir 2026 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh agus dromchlaghníomhaithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 (12331/1/2025 – C10-0344/2025 – 2023/0124(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (12331/1/2025 – C10-0344/2025),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 12 Iúil 2023[1],

– ag féachaint don seasamh uaithi ar an gcéad léamh[2] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0217),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach,

– ag féachaint do Riail 68 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (A10-0004/2026),

---

1 IO C 349, 29.9.2023, lch. 121.
2 IO C, C/2025/1354, 17.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1354/oj.

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir leis an seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta ar fad curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.